**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéal) a taisceadh an 19 Eanáir 2022 — Global, Companhia de Seguros SA v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-42/22)**

(2022/C 171/21)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Global, Companhia de Seguros SA

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

A. An bhféadfar Airteagal 13, cuid B(a) den Séú Treoir CBL ([1]) agus dá réir, an tAirteagal reatha 135, mír 1(a), den Treoir CBL, a léirmhíniú sa bhrí go n-áirítear sa choincheap "idirbhearta árachais agus athárachais", chun críocha díolúine ó CBL, na gníomhaíochtaí gaolmhara nó comhlántacha amhail fáil agus díol comhpháirteanna feithiclí damáistithe?

B. An bhféadfar Airteagal 13, cuid B(c) den Séú Treoir CBL, agus dá réir, Airteagal 136(a) den Treoir CBL ([2]) dá éis, a léirmhíniú sa bhrí go measfar fáil agus díol comhpháirteanna feithiclí damáistithe a bheith sannta go heisiach d'eintiteas díolmhaithe, i gcás nach raibh ceart chun CBL a asbhaint ag gabháil leis na hearraí sin?

C. An bhfuil sé contrártha le prionsabal neodrachta CBL mura bhfuil díol comhpháirteanna feithiclí damáistithe ag cuideachtaí árachais á dhíolmhú ó CBL, i gcás nárbh ann d'aon cheart chun CBL a asbhaint?

([1]) Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine, 1977, an Séú Treoir maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha ar láimhdeachas — Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach cánach (IO 1977, L 145, lch. 1; EE 09/01, lch. 54).

([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle, an 28 Samhain, 2006, maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (DO 2006, L 347, lch. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 2 February 2022 – an Coimisiún Eorpach v an Rómáin**

**(Cás C-69/22)**

(2022/C 171/22)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Noll-Ehlers agus M. Ioan, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Rómáin

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt:

— a dhearbhú, de bharr gur mhainnigh an Rómáin Clár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir a ghlacadh agus a chur in iúl don Choimisiún Eorpach, gur mhainnigh sí a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagail 6(1) agus 10(1) de Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 14 Nollaig 2016] maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE; ([1])

— a ordú don Rómáin na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Maíonn an Coimisiún go dtugtar gealltanais, le Treoir (AE) 2016/2284 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, cúig bhuntruailleán atmaisféaracha a laghdú don tréimhse 2020-2029, ag tosú in 2030. D'fhonn na gealltanais sin i leith astaíochtaí a chomhlíonadh agus chun cur le cuspóirí an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach, iarrtar ar Bhallstáit Clár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir (NAPCP) a ghlacadh.

Faoi Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2016/2284, bhí ceanglas ar an Rómáin fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena NAPCP faoin 1 Aibreán 2019 ar a dhéanaí, agus ba chóir go mbeadh tús curtha le haon ghníomhaíochtaí beartaithe ag údaráis na Rómáine roimh an dáta sin.

Dá bhrí sin, maíonn an Coimisiún gur mhainnigh an Rómáin a hoibleagáidí faoi Airteagail 6(1) agus 10(1) de Threoir (AE) 2016/2284 a chomhlíonadh de bharr nár ghlac sí a NACPC ná nár chuir sí fógra chuig an gCoimisiún ina leith roimh dháta an iarratais seo.

---

([1]) IO L 344, 17.12.2016, lgh. 1–31.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas (an Liotuáin) a taisceadh an 4 Feabhra 2022 – M.A. v Valstybės sienos apsaugos tarnyba**

**(Cás C-72/22)**

(2022/C 171/23)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* M.A.

*Páirtí eile sna himeachtaí achomhairc:* Valstybės sienos apsaugos tarnyba

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An beite Airteagal 7(1) de Threoir 2013/32/AE ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta comhchoiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(1) de Threoir 2011/95/AE ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar, a léirmhíniú mar chosc ar rialacha den dlí náisiúnta, amhail is infheidhme sa chás seo, i gcás go bhfógrófaí dlí míleata, staid éigeandála nó éigeandáil a bheith i bhfeidhm mar gheall ar mhórphlódú d'eachtrannaigh, lena ndiúltaítear, i bprionsabal, a cheadú d'eachtrannach a thiocfadh isteach agus a d'fhanfadh go neamhdhleathach i gcríoch an Bhallstáit iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh?

2. Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an beite Airteagal 8(2) agus (3) de Threoir 2013/33/AE ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí do chosaint idirnáisiúnta a léirmhíniú mar chosc ar rialacha den dlí náisiúnta faoina gceadófaí, i gcás go bhfógrófaí dlí míleata, staid éigeandála nó éigeandáil a bheith i bhfeidhm mar gheall ar mhórphlódú d'eachtrannaigh, iarratasóir ar thearmann a choinneáil ar an gcúis amháin gur tháinig sé isteach i gcríoch Phoblacht na Liotuáine trí theorainn Phoblacht na Liotuáine a thrasnú go neamhdhleathach?

---

([1]) IO 2013 L 180, lch. 60.
([2]) IO 2011 L 337, lch. 9.
([3]) IO 2013 L 180, lch. 96.